2023

# AN BEI D'AON AMHARC



An Banc Eorpach Infheistíochta

**An BEI d'Aon Amharc**

**© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2023.**
98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Luxembourg
+352 4379-1
info@eib.org
www.eib.org
twitter.com/eib
facebook.com/europeaninvestmentbank
youtube.com/eibtheeubank

Gach ceart ar cosaint
Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig
publications@eib.org

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org
Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le info@eib.org.
Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag www.eib.org/sign-up

Is iontach an rud í cumhacht an nádúir. Ón gcéad lá riamh, tá daoine ag déanamh imní faoi stoirmeacha, tuilte, triomaigh agus brúchtaí. Anois agus uair na cinniúna buailte linn, tuigimid go gcaithfimid dul i gcomhar leis an nádúr agus leas a bhaint as a chumhacht leis an lámh in uachtar a fháil ar an athrú aeráide, fadhb a tharraingíomar orainn féin. Is sa ghníomhú ar son na haeráide agus san inbhuanaitheacht chomhshaoil atá níos mó ná leath d'infheistíochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta anois. Is é an tosaíocht is mó atá againn ná an t-aistriú glas a mhaoiniú. Is é sin an t-aistriú go foinsí inathnuaite atá cumhachtaithe ag an nádúr amhail an fuinneamh geoiteirmeach, an hidrileictreachas agus an chumhacht ghaoithe. Sin é an fáth a bhfuilimid ag cur na bhfórsaí nádúrtha sin i lár an aonaigh ar chlúdaigh ár mórthuarascálacha i mbliana.

© Creidiúintí grianghraf: an BEI, Eggtronic, Anaconda Biomed, GettyImages, Shutterstock.

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.
Arna chur i gcló ar pháipéar FSC®.

pdf: QH-04-22-272-GA-N ISBN 978-92-861-5467-6 doi: 10.2867/379177

# AN BEI D'AON AMHARC

Is é an Banc Eorpach Infheistíochta (an BEI) banc an Aontais Eorpaigh. Táimid ar an institiúid airgeadais iltaobhach is mó dá bhfuil ann agus ar cheann de na soláthraithe is mó maoinithe i gcomhair an ghníomhaithe ar son na haeráide, leis.

Ó cuireadh ar bun in 1958 é, tá breis agus trilliún euro infheistithe ag an BEI i dtionscadail san Eoraip agus i dtíortha ar fud na cruinne. Cé go bhfuil an gníomhú ar son na haeráide ina chuid de gach a ndéanaimid, bíonn ár ngníomhaíochtaí dírithe ar na réimsí tosaíochta seo: aeráid agus comhshaol; forbairt; nuálaíocht agus scileanna; gnólachtaí beaga agus meánmhéide; bonneagar; agus comhtháthú.

Déanann an Ciste Eorpach Infheistíochta, atá ina chuid de Ghrúpa an BEI, sainfheidhmiú ar thacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide, rud a dhéanann sé trí mhaoiniú a chur ar fáil dóibh faoi chomhair gnólachtaí nua, fáis, nuálaíochta, taighde agus forbartha, fostaíochta agus forbairt réigiúnach.

Oibríonn an BEI as lámha a chéile le hinstitiúidí eile den Aontas Eorpach d'fhonn lánpháirtiú na hEorpa a chothú, forbairt an Aontais a chur chun cinn agus tacú le beartais an Aontais. Ní san Eoraip amháin atá ár saothar: Tá an BEI gníomhach i mbreis agus 160 tír agus feabhsaíonn saol na milliún daoine laistigh den Aontas Eorpach agus ar fud an domhain gach bliain.

Tá an idircheangailteacht i gcroílár obair an BEI ón gcéad lá riamh. Tugann infheistíochtaí an BEI tíortha an Aontais Eorpaigh níos gaire dá chéile. Trí BEI Domhanda, a cuireadh ar bun in 2022 d'fhonn tionchar ár gcuid maoinithe forbartha a mhéadú, déanaimid ár gcion féin le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus le fás agus deiseanna a chothú i ngach cearn den domhan.

Anois agus luach an iltaobhachais á cheistiú, meabhrú buan é saothar an BEI ar chumhacht iarrachtaí comhtháite na hEorpa.



Nuair a thosaigh COVID-19 ag scaipeadh, bhí dúshláin sláinte agus eacnamaíocha le sárú ag an saol mór ar bhonn práinne. Bhí géarghá le vacsaín agus le réitigh a bheadh in ann teorainn a chur le leathadh an víris. Mhaoinigh an BEI forbairt agus táirgeadh vacsaíní in aghaidh COVID-19 agus thug tacaíocht shuntasach do bhearta eile cúraim sláinte san Aontas Eorpach agus ní b'fhaide i gcéin. Chuir Grúpa an BEI go mór le bearta an Aontais Eorpaigh le srian a choinneáil ar dhrochiarmhairtí geilleagracha na géarchéime ar ghnólachtaí Eorpacha agus ar an ngeilleagar chomh maith.

Is ar éigean a bhí an chuid ba mheasa de COVID-19 curtha dínn nuair a rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin, rud a chuir tús le géarchéim dhomhanda nua. Mar chuid de fhreagairt an phobail idirnáisiúnta ar an ngéarchéim, chuir an Banc tacaíocht airgeadais ar fáil trí Phacáiste Dlúthpháirtíochta an BEI don Úcráin d'fhonn cabhrú leis an tír freastal ar riachtanais phráinneacha. Lena chois sin, tá an BEI ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach i dtreo maoiniú breise a chur ar fáil le cur ar chumas an rialtais seirbhísí poiblí ríthábhachtacha a choinneáil do na daoine siúd a d'fhan san Úcráin.

Mar an t-iasachtóir iltaobhach is mó dá bhfuil ann, cabhraíonn an BEI le geilleagair déanamh go maith, cruthaíonn poist agus cuireann an comhionannas agus an inbhuanaitheacht chun cinn. Oibrímid le comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha agus breathnaímid ar an méid a chabhraíonn ár gcuid oibre leis an tsochaí agus a fheabhsaíonn sí an saol do dhaoine lena dhéanamh amach cé chomh maith agus atá ag éirí linn.

Tá infheistíochtaí de chuid an BEI ag tacú go gníomhach leis an aistriú glas. Mar bhanc aeráide an Aontais Eorpaigh, tá an BEI ag déanamh a chion féin le gealltanais Chomhaontú Pháras— an conradh idirnáisiúnta ar an athrú aeráide — agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh trína ndéanann sé ar fud an domhain. Tá geallta againn go ndéanfaimid €1 trilliún a infheistiú ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil as seo go ceann 10 mbliana.

# ÁR dTIONCHAR IN 2022

**€260 billiún**

Luach na n-infheistíochtaí ar thacaigh gníomhaíochtaí an BEI leo

**€4.9 trilliún**

Luach foriomlán na n-infheistíochtaí a spreagadh

**€72.45 billiún**

Luach an mhaoinithe ó Ghrúpa an BEI

**€36.5 billiún**

Luach na n-infheistíochtaí glasa

**€44.28 billiún**

An luach a tiomsaíodh ar na margaí bannaí

**€14.11 billiún**

Luach an mhaoinithe do ghnólachtaí beaga

**€18.72 billiún**

Luach an mhaoinithe don fhuinneamh inbhuanaithe agus d'acmhainní nádúrtha

**€15.52 billiún**

le borradh a chur faoin nuálaíocht, faoin teicneolaíocht dhigiteach agus faoin gcaipiteal daonna

**5.3 milliún***

Líon na bpost a coinníodh i ngnólachtaí beaga

* Baineann na figiúirí le FBManna/cuideachtaí meánchaipitlithe a bhain tairbhe as tacaíocht ón BEI in 2022 nó as tacaíocht ón CEI idir mí Dheireadh Fómhair 2021 agus mí Mheán Fómhair 2022 mar thoradh ar oibríochtaí a síníodh le hidirghabhálaithe suas go dtí deireadh 2022.

## Ba é €65.15 billiún maoiniú iomlán an BEI in 2022, €10.82 billiún de ghníomhaíocht BEI Domhanda san áireamh *

**25.4 milliún**

Líon na ndaoine atá ag ól uisce níos sábháilte

**8.5 milliún**

Líon na dteaghlach a bhfuil cumhacht acu

**17 milliún**

Líon na ndaoine atá ag baint tairbhe as bonneagar feabhsaithe

**6.6 milliún**

Líon na síntiúsóirí nua a bhfuil seirbhísí 5G cumasaithe acu

**570.1 milliún**

Líon na dturas sa bhreis ar chórais iompair phoiblí

**234 700**

Líon na ndaoine atá i mbaol laghdaithe tuilte

**15 800 MW**

d'acmhainn giniúna leictreachais, 100% ó fhoinsí in-athnuaite

**3.1 milliún**

Líon na dteifeach ón Úcráin atá in ionaid fáiltithe nó i saoráidí cóiríochta sealadaí

**150.4 milliún**

Líon na ndaoine atá ag baint tairbhe as seirbhísí feabhsaithe sláinte, lena n-áirítear vacsaíní in aghaidh COVID-19

* Áirítear le maoiniú iomlán Ghrúpa an BEI lasmuigh den Aontas Eorpach — de bhreis ar BEI Domhanda — tionscadail an CEI lasmuigh den Aontas Eorpach agus tionscadail an BEI i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa.


kraine

# TACAÍOCHT DON ÚCRÁIN

Seasann an Banc Eorpach Infheistíochta gualainn ar ghualainn le húdaráis agus le muintir na hÚcráine. Tacaíonn sé le ceart na hÚcráine chun bheith neamhspleách.

Mar chuid de fhreagairt chomhordaithe an AE agus an phobail idirnáisiúnta ar an ngéarchéim seo, chuir an Banc tacaíocht airgeadais ar fáil trí Phacáiste Dlúthpháirtíochta an BEI don Úcráin d'fhonn cabhrú leis an rialtas dúshláin leachtachta a shárú ar bhonn práinne. Ina theannta sin, tá an BEI ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach le tuilleadh maoinithe a chur ar fáil le cur ar chumas Rialtas na hÚcráine leanúint air ag soláthar seirbhísí poiblí ríthábhachtacha do na daoine siúd a d'fhan sa tír, rud a chinnteoidh go mbeidh fáil ar bhia, ar sholáthairtí leighis agus ar bhreosla, agus go dtacófar le tionscadail iompair, fuinnimh, forbartha uirbí agus dhigiteacha ag an am céanna. Ceadaíodh dhá mhórphacáiste maoinithe in 2022:

- Céad phacáiste €668 milliún go gairid tar éis bhriseadh amach an chogaidh, le cabhrú leis an rialtas íoc as riachtanais phráinneacha.

- Dara pacáiste €1.59 billiún a síníodh i mí Iúil 2022, le bonneagar damáistithe a dheisiú agus le hatosú ar thionscadail ríthábhachtacha. Tá beagán níos mó ná €1 bhilliún ón bpacáiste seo íoctha amach le cabhrú leis an tír tabhairt faoi obair dheisiúcháin ar bhóithre, droichid agus iarnróid a ndearnadh damáiste dóibh.

Chuir Institiúid an BEI, eite shóisialta agus chultúrtha bhanc an AE, cabhair dhaonnúil €2.5 milliún ar fáil d'Úcránaigh a bhí thíos leis an gcogadh freisin. Rinne an Banc €59 milliún de dheontais a leasú le traenacha agus iarnróid a dheisiú san Úcráin, droichid shealadacha a chur in áit droichid a scriosadh sa chogadh, agus cúram sláinte agus tithíocht a fheabhsú do dhaoine nach raibh an dara rogha acu ach teitheadh óna mbaile.

Chuir an Banc luach beagnach €18 milliún de dheontais ar fáil don Úcráin ó Chiste Iontaobhais Cúnaimh Theicniúil Chomhpháirtíocht an Oirthir chomh maith d'fhonn cabhrú le pobail aire a thabhairt do thart ar 700 000 duine a theith óna mbaile. Is iad an Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe na tíortha a thugann tacaíocht don chiste comhpháirtíochta. Tá an BEI ag leanúint air ag obair lena chuid comhpháirtithe Eorpacha le cíoradh a dhéanamh ar bhealaí eile a d'fhéadfaí tacú leis an Úcráin féin agus le teifigh ón Úcráin.



**Tá an BEI ag cur iasacht €15 mhilliún ar fáil do Spindiag GmbH, comhlacht óg atá ag forbairt ardán tástála diagnóisí atá bunaithe ar PCR lena úsáid i saoráidí cúraim sláinte.**


# COVID-19

Tá an BEI ar líne thosaigh fhreagairt dhomhanda an Aontais Eorpaigh ar phaindéim COVID-19 ón tús agus chuaigh i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, ar nós na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus Chiste na Náisiún Aontaithe do Leanaí, le beart a dhéanamh láithreach bonn.

Chuir tacaíocht éigeandála ó Ghrúpa an BEI ar chumas fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta nuálaíocha infheistiú in ainneoin a fhíoréiginntí a bhí an saol. Táimid ag súil go n-éireoidh lenár gCiste Ráthaíochta Eorpach luach €200 billiún de mhaoiniú a spreagadh le tacú le cuideachtaí inmharthana a bhí ag streachailt de bharr na paindéime.

Rinne an BEI a chion féin freisin le maoiniú a chur ar fáil d'fhorbairt agus ceannach vacsaíní in aghaidh COVID-19, do réitigh le cosc a chur le scaipeadh an víris agus do thionscadail eile sláinte poiblí a raibh baint acu le géarchéim COVID-19.

**Le linn na paindéime, thug an BEI maoiniú do ghnólacht nuathionscanta san Iodáil darb ainm Eggtronic, a cheap tiontaire cumhachta atá coigilteach ar fhuinneamh. De bharr a éifeachtúla atá siad, is lú go mór lorg carbóin thiontairí Eggtronic ná gléasanna eile dá leithéid.**



# AERÁID AGUS FUINNEAMH

Is an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda is mó atá le sárú ag ár nglúin. Is é fírinne an scéal go mbraithfidh folláine ár leanaí ar cibé acu a éireoidh linn na spriocanna aeráide a bhaint amach nó nach n-éireoidh. Tá spriocanna aeráide agus fuinnimh an BEI ag ardú na gcaighdeán san Eoraip agus níos faide i gcéin. Ní thacaímid le tionscadail a bhaineann le breoslaí iontaise a thuilleadh agus beidh 50% dár gcuid infheistíochtaí dírithe ar an ngníomhú ar son na haeráide agus ar an inbhuanaitheacht faoi 2025.

Tá ionsaí na Rúise ar an Úcráin tar éis géarchéim fuinnimh a tharraingt ar an Eoraip, rud a fhágann gur gá gníomhú anois níos mó ná riamh. Chuir an t-ionradh i gcuimhne dúinn a thábhachtaí atá sé sláine ár soláthair fuinnimh a chosaint – ceist slándála é an fuinneamh agus ceist féinrialach straitéisí é an dícharbónú.

Cuireann oibríochtaí an BEI dlús le fás glas agus le dícharbónú geilleagar. Tacaímid le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite, rudaí a dhéanann a gcuid féin le hastaíochtaí carbóin a laghdú agus lenár slándáil ó thaobh fuinnimh de a neartú. Cuireann ár ngníomhaíochtaí go léir le fás inbhuanaithe sóisialta agus eacnamaíoch.

Déanann infheistíochtaí de chuid an BEI a gcuid féin freisin le dul i ngleic le héifeachtaí an athraithe aeráide ar phobail leochaileacha, le bithéagsúlacht a chosaint agus leis an bhfeirmeoireacht inbhuanaithe a chur chun cinn. Déanaimid acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus cosnaímid an comhshaol do na glúnta atá le teacht. Gach uile thionscadal a dtacaíonn an BEI leis, bíodh sé i réimsí na nuálaíochta, na ngnólachtaí beaga nó an infreastruchtúir, caithfidh sé a bheith ag teacht lenár spriocanna aeráide.



**Thacaigh an BEI le Anaconda, cuideachta cheannródaíoch sa Spáinn a d'fhorbair cóireáil chost-éifeachtúil a chuidíonn le dochtúirí beatha daoine a shábháil agus míchumas a laghdú tar éis stróc.**

# NUÁLAÍOCHT

Coinníonn an nuálaíocht an Eoraip iomaíoch agus cruthaíonn poist ardluacha, leis. Tacaíonn an BEI le go leor céimeanna nuálaíochta d'fhonn borradh a chur faoi na smaointe a fheabhsaíonn caighdeáin mhaireachtála.

Tacaímid le taighde agus forbairt ar an mórchóir, mar aon le sainghnólachtaí beaga. Nuair a dhéanaimid infheistiú i dtionscadail in earnálacha amhail teileachumarsáid, eitlíocht, leigheas agus digitiú, mealltar tuilleadh maoinithe ón earnáil phríobháideach chun na dtionscadal sin. Cumasaíonn Grúpa an BEI do chuideachtaí Eorpacha na teicneolaíochtaí is úire a chruthú agus a fhorbairt.

Le hiasachtaí ón BEI, is féidir le hollscoileanna saoráidí taighde a thógáil agus a fhorbairt, agus is féidir le gnólachtaí nuathionscanta cur lena bhfoireann agus a gcuid trealaimh a fheabhsú. Le tacaíocht ón BEI, tugtar an chumhacht do ghnólachtaí leas a bhaint as na smaointe ceannródaíocha atá acu.



**Tá an BEI ar an bpríomh-iasachtóir do ghnólachtaí beaga sna Balcáin Thiar, áit a gcabhraíonn sé le nach mór 30 000 cuideachta agus a gcothaíonn sé leathmhilliún post. Mar thoradh ar ár gcuid oibre, tá nasc idirlín níos tapúla agus trealamh digiteach níos fearr ag níos mó ná 1 800 scoil sa tSeirbia, rud a chuir ar chumas múinteoirí cianfhoghlaim a thairiscint do scoláirí agus iad sa bhaile de dheasca na paindéime.**

# CUIMSIÚ

Tugann an BEI cumhacht do ghnólachtaí beaga agus do dhaoine óga, agus tacaíonn le banfhiontraithe teacht a bheith acu ar iasachtaí agus ar chóitseáil. Cuirimid ar chumas daoine ar ioncam íseal, daoine féinfhostaithe agus micrifhiontar teacht ar mhaoiniú agus ar chomhairle ghnó lena chinntiú go n-éireoidh lena dtionscadal.

Is iondúil nach dtugaimid níos mó ná leath de chostas an tionscadail ar iasacht. Tá tacaíocht an BEI ceaptha an earnáil phríobháideach a spreagadh chun bheith páirteach freisin agus, ar an gcaoi sin, tuilleadh airgid fós a mhealladh isteach i dtionscadal.



# INBHUANAITHEACHT

Eisíonn an BEI bannaí ar na margaí caipitil idirnáisiúnta chun airgead a thiomsú. Fágann an rátáil chreidmheasa den scoth atá againn go n-éiríonn linn airgead a thiomsú ar rátaí maithe, agus gur féidir linn na buntáistí sin a chur ar aghaidh chuig ár gcuid cliant ansin.

Is iad saineolaithe margaí caipitil de chuid an BEI a cheap agus a d'fhorbair an chéad mhargadh le haghaidh bannaí glasa agus inbhuanaithe. Táimid ar an eisitheoir fornáisiúnta bannaí glasa is mó dá bhfuil ann, agus tacaíonn na bannaí sin le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, uisce glan agus sláintíocht.


Orange Money
Orange Money
5 000 F
TRANSFERT
100 F
100 F

**Fuair gnólachtaí beaga sa Chongó iasachtaí ar ráta cóir cothrom úis ón BEI le linn na paindéime, seachas ar na rátaí an-ard a gheobhaidís ó iasachtóirí neamhfhoirmiúla. Chabhraigh sé sin go mór leis na gnólachtaí sin, chomh maith leis na pobail áitiúla.**

# BEI DOMHANDA

Cuireadh BEI Domhanda, eite forbartha an BEI, ar bun in 2022 d'fhonn tionchar ár gcuid maoinithe forbartha a mhéadú. Tá níos mó ná €70 billiún infheistithe ag an BEI lasmuigh den Aontas Eorpach le deich mbliana anuas (2012-2022), rud a spreagann luach na mbilliún euro d'infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach gach bliain. Téann BEI Domhanda níos gaire do phobail, do chuideachtaí agus d'institiúidí áitiúla ar fud an domhain sa chaoi go gcuirfear le tionchar an BEI.

Leathnóidh an BEI an tacaíocht a thugann sé d'institiúidí áitiúla micreamhaoiniúcháin i réigiúin is iondúil nach mbíonn fáil ar bith ag daoine ar bhainc. Nuair is féidir le daoine creidmheas a fháil, fostaíonn gnólachtaí níos mó oibrithe, faigheann mná neamhspleáchas, laghdaítear fadhb an díláithrithe agus cumasaítear do theaghlaigh éalú ón mbochtaineacht.

Méadóimid an méid saineolais earnála a chuireann an BEI ar fáil ar an leibhéal áitiúil d'fhonn ár gcuid eolais agus taithí a chomhroinnt le comhpháirtithe áitiúla. Cuirimid comhairle neamhspleách ar fáil a thógann ar an taithí atá faighte againn ó bheith ag obair i raon leathan tíortha agus earnálacha. Is féidir na seirbhísí comhairleacha seo a chur ar fáil i dteannta táirgí airgeadais de chuid an BEI, ach is féidir iad a chur ar fáil neamhspleách ar aon mhaoiniú chomh maith.


PEG

Le dul i ngleic leis an athrú aeráide, le paindéim COVID-19 agus le géarchéimeanna eile, tá sé de fhreagracht orainn na billiúin a dhéanaimid a infheistiú lenár mbainc chomhpháirtíochta idirnáisiúnta agus náisiúnta a mhéadú ina dtrilliúin trí chomhpháirtíochtaí nua agus comhar leanúnach le hinstitiúidí airgeadais domhanda. Níos tábhachtaí fós, spreagann rannpháirtíocht an BEI rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, rud a mheallann isteach infheistíochtaí nua.

Teastaíonn ó na tíortha atá i mbéal forbartha níos mó ná luach €2 thrilliún d’infheistíocht bhreise gach uile bhliain le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus uaillmhianta Chomhaontú Pháras ó thaobh aeráide de a bhaint amach.

Mar bhanc aeráide an AE, tá an BEI ag obair le tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, is é sin treoirphlean an Aontais Eorpaigh lena chinntiú go n-éireoidh leis na beartais atá aige ó thaobh aeráide, fuinnimh, iompair agus cánachais de astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad (i gcomparáid leis na leibhéil in 1990) faoi 2030. Níl an tAontas Eorpach taobh thiar ach de 10% de na hastaíochtaí domhanda, áfach, agus mar sin déanfaidh BEI Domhanda a chion féin le hiarrachtaí dícharbónaithe na hEorpa a leathnú amach thar na teorainneacha agus tacú le Comhaontú Glas don Saol Mór.

Tá BEI Domhanda ina chrann taca ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an gclár Tairsí Domhanda dá chuid, ar fiú €300 billiún é agus arb aidhm leis tacú le tionscadail a fheabhsaíonn nascacht dhomhanda agus réigiúnach sa digitiú, san aeráid, san iompar, sa tsláinte, san fhuinneamh agus san oideachas. Cuireann iasachtaí forbartha agus comhpháirtíochtaí airgeadais dlús leis an bhfás, déanann ceantair thuaithe níos saibhre, cuireann ar chumas cathracha a bheith níos nuálaí agus neartaíonn geilleagair.

Tacaíonn saothar BEI Domhanda le tíortha atá ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh comhionannas inscne de agus cumhacht a thabhairt do mhná san ionad oibre, rud a dhéanann sé trí chaidreamh a bhunú le gnólachtaí faoi stiúir ban. Cabhraímid leis na milliúin daoine nach bhfuil fáil acu ar uisce glan, ar leictreachas, ar vacsaíní, ar dhea-chúram sláinte, ná ar chórais shásúla cóireála dramhaíola.



# ÁR nGEALLTANAS

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta cuntasach do shaoránaigh an AE. Tacaíonn an Banc le tionscadail a chuireann tosaíochtaí agus cuspóirí an Aontais Eorpaigh chun cinn, lena n-áirítear inbhuanaitheacht aeráide agus chomhshaoil; nuálaíocht agus scileanna; bonneagar; fiontair bheaga agus mheánmhéide; comhtháthú; agus forbairt. Déanann an BEI cinnte go mbíonn na tionscadail go léir a dtacaíonn sé leo — bídís sna hearnálacha fuinnimh, iompair, tionsclaíochta nó talmhaíochta — ag teacht le spriocanna Chomhaontú Pháras. Tá idir eacnamaithe, innealtóirí, anailísithe airgeadais agus speisialtóirí aeráide ar ár bhfoireann, a oibríonn gach lá le saineolaithe, institiúidí agus rialtais áitiúla ar fud na cruinne.



Is éard atá i nGrúpa an BEI ná an Banc Eorpach Infheistíochta (an BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (an CEI).

Is é an BEI banc an Aontais Eorpaigh. Tá sé ar an iasachtaí agus iasachtóir iltaobhach is mó dá bhfuil ann. Cé gur i Lucsamburg atá an Banc lonnaithe, tá líonra mór oifigí áitiúla agus réigiúnacha aige ar fud na hEorpa agus níos faide ó bhaile.

Tacaíonn an CEI le gnólachtaí beaga san Eoraip agus i roinnt tíortha taobh amuigh den Eoraip teacht ar mhaoiniú. Déanann an CEI caipiteal fiontair agus fáis, urrúis agus ionstraimí micreamhaoiniúcháin a dhearadh agus a fhorbairt d'fhonn nuálaíocht agus fostaíocht a chur chun cinn.

Is é BEI Domhanda eite forbartha idirnáisiúnta an BEI. Cuireadh ar bun in 2022 é agus cuireann sé le tiomantas fadtéarmach an BEI chun maoiniú a chur ar fáil ar son na forbartha, an ghníomhaithe ar son na haeráide, na nuálaíochta, agus na hinbhuanaitheachta ar fud an domhain.

02/2023 GA pdf: ISBN 978-92-861-5467-6